2026/2555

18.11.2026

CINNEADH (AE) 2026/2555 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Samhain 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir a bhaineann le leasú ar Chinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir chun an Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 19 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile a ionadú agus chun Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 22 agus 27 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú sin a chur isteach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile ('an Comhaontú'), thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Chinneadh (AE) 2024/1156 ón gComhairle ([1]) agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Lúnasa 2013 idir an tAontas, Nicearagua, Hondúras agus Panama, ón 1 Deireadh Fómhair 2013 idir na páirtithe sin agus an tSalvadóir agus Cósta Ríce, agus ón 1 Nollaig 2013 idir an tAontas, Nicearagua, Hondúras, Panama, an tSalvadóir agus Cósta Ríce, de pháirt, agus Guatamala, den pháirt eile.

(2) De bhun Airteagal 37 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, tá an Chomhairle Comhlachais ('an Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir') in ann Nótaí Míniúcháin a fhormheas maidir le léirmhíniú, cur chun feidhme agus riaracháin na hIarscríbhinne sin.

(3) Tá sé beartaithe go nglacfaidh an Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir Cinneadh lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir ([2]) chun an Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 19 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a ionadú agus chun Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 22 agus 27 den Iarscríbhinn sin a chur isteach.

(4) Beidh éifeachtaí dlíthiúla don Aontas ag an gCinneadh ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir, má ghlactar é.

(5) Is gá, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh sa Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir a bhaineann leis an leasú ar Chinneadh Uimh. 2/2020 a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Féadfar mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach i mír 1 a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

([1]) Cinneadh (AE) 2024/1156 ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile (IO L, 2024/1156, 17.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1156/oj).

([2]) Cinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 14 Nollaig 2020 lena dtugtar isteach Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II (Maidir le Sainmhíniú an Choincheapa 'Táirgí Tionscnaimh' agus Modhanna Comhair Riaracháin) a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Teastas Gluaiseachta EUR.1, dearbhuithe sonraisc, onnmhaireoirí ceadaithe agus cruthúnais ar thionscnamh a fhíorú (IO L 25, 26.1.2021, lch. 96, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/46/oj).

Airteagal 2

Nuair a ghlacfar an Cinneadh ón gComhairle Comhlachais dá dtagraítear in Airteagal 1(1), foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS